

Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Na hAmharcealaíona
Snáithe Tógáil	Snáithaonad Tógálacha a Dhéanamh, Breathnú agus Freagairt.	
Teideal Struchtúr atá bunaithe ar théama muirí a dhéanamh – Teach Solais		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh na leanaí airíonna agus tréithe ábhar a iniúchadh agus triail a bhaint astu i ndéanamh struchtúr bunaithe ar théama muirí amhail Tithe Solais. Freagróidh siad do na tithe solais a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile.		
Scileanna atá Riachtanach Scileanna deartha, tuisceana, breathnóireachta, imscrúdaitheacha, léiritheacha, mínluaileacha.		
Cuspóirí foghlama Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Páipéar tógála, cairtchlár agus raon ábhair in-athchúrsáilte éagsúla a úsáid chun teach solais a chruthú. An teach solais a shuí ar aill thógtha lena thaispeáint.	Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus Plé: Déan plé ar na coincheapa seo a leanas a bhaineann le tithe solais: <ul style="list-style-type: none"> • cuspóir an tí solais agus an cineál dálaí imshaoil ar gá dó cur suas leo e.g. tonnta, sáile, gaoth, etc. • cruth an tí solais; • an dóigh a gcabhraíonn ábhair áirithe le cruth a chruthú nó a thabhairt le tuiscint; • an dóigh a mbaintear struchtúr agus cothromaíocht amach; • an dóigh a gcruthaítear na himchruthanna agus na spásanna éagsúla; • an dóigh ar féidir ábhair a cheangal dá chéile; • an dóigh ar féidir le hábhair áirithe dath a sholáthar; • patrún agus uigeacht an tí solais agus spéis i dtógáil an tí solais. Obair i mBeirteanna/ Grúpobair: Agus iad ag obair ina n-aonar, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, iarr ar na daltaí teach solais a phleanáil agus a thógáil. Rogha ábhar; an tógáil a ghliúáil, a mhaisiú agus a shuí.	

	<p>Breathnú agus Freagairt: Breathnú ar a s(h)aothar féin agus freagairt dó. Cur síos a dhéanamh ar an struchtúr, ar na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh, ar an dóigh ar baineadh cothromaíocht amach agus ar an rud is fearr leis/léi faoin saothar.</p> <p>Acmhainní</p> <p>Íomhá de theach solais in Éirinn (faoi iamh). Is féidir tuilleadh samplaí a fháil ar líne ach “Irish Lighthouses/Tithe Solais na hÉireann” a chuardach.</p> <p>Páipéar tógála, cairtpháipéar, cairtchlár, sorcóirí in-athchúrsáilte</p> <p>Gliú</p> <p>Péint</p>
<p>Difreáil: An tasc, torthaí foghlama, tacaíocht ón múinteoir agus grúpáil.</p>	
<p>Measúnú: Breathnú ag an múinteoir, samplaí de shaothar na ndaltaí, aiseolas ó bhéal.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú: Béarla: Obair focal- larr ar na daltaí an oiread focal agus is féidir a chruthú ón bhfocal “lighthouse”. Stair: Taispeáin do na daltaí íomhánna de thithe solais stairiúla agus de thithe solais nua-aimseartha. larr orthu iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Tíreolaíocht: Bain úsáid as léarscáil chun láithreacha tithe solais éagsúla ar fud na hÉireann a thaispeáint do na daltaí. Eolaíocht: In éineacht leis na daltaí, déan plé ar thonnta san aigéan. Cén sórt damáiste is féidir le tonnta a dhéanamh do theach solais? OSPS-Sábháilteacht Uisce: larr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar cén fáth a bhfuil tithe solais tábhachtach timpeall an imeallbhoird. Cén fáth a dtógaimid tithe solais?</p>	

Teach Solais Fhánada, Co. Dhún na nGall

